Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín
An Chéim
B.Á.C. 18 Uimhir Rolla : 20020R

Guthán : 01-2950000 Facs: 01 2945902 R-phost: gaelscoil@taobhnacoille.ie Príomhoide : Emer Nic Chonchradha

23/03/2010

A Thuismitheoirí,

Tosóidh saoire na Cásca ar an Aoine seo an 26 Márta ag a 12 a chlog nuair a dhúnfaidh an scoil ar feadh coicíse. Osclóidh an scoil arís ar an Luan an 12 Aibreáin.

Easter holidays begin this Friday the 26th of March at 12.00 o'clock when the school will be closed for a fortnight. The school will re-open on Monday the 12th of April.

Emer Nic Chonchradha

RANGANNA GAEILGE

Tá an chéad téarma de ranganna Gaeilge a d'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí díreach tagtha chun deiridh agus is léir gur bhain gach duine a d'fhreastal ar na ranganna maidine agus tráthnóna an-taitneamh agus tairbhe astu. D'éirigh chomh maith sin leis na ranganna go bhfuil 'na daltaí móra' ag tabhairt faoin dara chúrsa i ndiaidh na Cásca. Maith sibh a thuismitheoirí.

Tá Coiste na dTuismitheoirí ag smaoineamh ar ranganna Gaeilge sa bhreis do thosaitheoirí a eagrú do i ndiaidh na Cásca má léiríonn dóthain tuismitheoirí spéis iontu (maidin Luain & Tráthnóna Céadaoine). Má tá spéis agat tabhairt faoi na ranganna Gaeilge seo déan teagmháil le Vicky Uí Uigín ag 086-3858414 len é sin a chur in iúl di.

IRISH CLASSES

The first term of the 'ranganna Gaeilge' organised by Coiste na dTuismitheoirí has come to an end and by all accounts those parents who attended the morning and evening classes thoroughly enjoyed themselves and benefitted greatly from the classes. The classes have been so successful that most of the 'daltaí móra' are continuing with a second term after Easter. Maith sibh a thuismitheoirí.

Coiste na dTuismitheoirí are now looking at putting on an extra beginners class or two after Easter if there is sufficient demand for it. So if you are interested in attending a morning class (on Monday) or an evening class (on Wednesday) please contact Vicky Uí Uigín at 086-3858414 to register your interest.

BOSCAÍ TRÓCAIRE

*Baileofar na boscaí Trócaire i ndiaidh na Cásca. Iarraimid ar na daltaí na boscaí Trócaire a thabhairt isteach ar an Mháirt agus ar an gCéadaoin an **13 & 14 Aibeán** AMHÁIN.*

TRÓCAIRE BOXES

The Trócaire boxes will be collected after Easter. Children are asked to bring in the boxes on Tuesday and Wednesday the **13th & 14th of April** ONLY.

OÍCHE MHÓR CHEILIÚRTHA

Bhí an-oíche againn in Óstán an Stillorgan Park oíche Aoine na hoscailte oifigiúla. D'fhreastal breis is 200 duine ar an oíche agus bhí idir bia, ceol, craic agus comhluadar bhreá againn ann go maidin. Bhí an banna ceoil Lad Lane ar fheabhas ar fad agus bhí sé íontach an úrlár a fheiceáil lán do na rinncithe céilí. Comhghairdeachas le Coiste na Tuismitheoirí as sár-oíche thaitneamhach a eagrú & le Alan go speisialta as an obair a rinne sé mar fhear a'tí.

A great night was had by all in the Stillorgan Park Hotel on the Friday night of the official opening. Approximately 200 people attended the Celebratory dinner where we had great food, music, craic & company and the festivities continued well into the early hours of the morning! The band 'Lad Lane' were fantastic and it was wonderful to see the dance floor full for the céilí dancing. Congratulations to Coiste na dTuismitheoirí on an extremely successful and thoroughly enjoyable evening and a special go raibh maith agat and well done to Alan our MC for the night.

CEOLCHOIRM IDIRGHAELSCOILE GAELCHOLÁISTE DHEISCEART B.Á.C.

Beidh ceolchoirm idir-ghaelscoile ar siúl sa scoil ar an Déardaoin seo. Daltaí R 5 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille, Gaelscoil Chnoc Liamhna, Scoil Mológa, Scoil Bhríde & Gaelscoil Lios na nÓg a bheidh páirteach ann. Mar is eol daoibh tá feachtas ar siúl le gaelcholáiste nua a oscailt i gceantar Bhaile Átha Cliath Theas (Dún Droma) agus táthar ag súil go ndíreóidh an ceolchoirm seo aird an phobail, na polaiteoirí & na meáncumarsáide ar an ngá atá le freastal breise gaelscolaíochta ag an meánléibhéal ar an taobh seo den chathair.
Breis eolas faoi Ghaelcholáiste Dheisceart Bhaile Átha Cliath ar www.gaelcholaiste.com

INTERGAELSCOIL CONCERT GAELCHOLÁISTE DHEISCEART B.Á.C.

An inter-gaelscoil concert will take place in our school on Thursday at 11am. Pupils from R5 in Gaelscoil Thaobh na Coille, Gaelscoil Chnoc Liamhna, Scoil Mológa, Scoil Bhríde & Gaelscoil Lios na nÓg will participate in this concert. As most of you will know there is a campaign afoot to set up a new gaelcholáiste for Dublin south (in Dundrum) and it is hoped that this concert will highlight the need for more gaelscoil places at secondary level in our area. Hopefully our politicians will recognise this need and give the Gaelcholáiste it's full support.

More information about this campaign on www.gaelcholaiste.com

OSCAILT OIFIGIÚIL

Bhí an-lá go deo againn ar an Aoine an 5ú Márta nuair a d'oscail Hector Ó hEochagáin ár bhfoirgneamh scoile nua go hoifigiúil dúinn. Bhí sé iontach na haíonna speisialta, polaiteoirí, cairde, iar-thuismitheoirí, iar-dhaltaí & tuismitheoirí uile na scoile a fheiceáil bailithe le chéile don ócáid mhór seo. Lá stairiúil ab ea í do gach duine atá agus a bhí bainteach le Gaelscoil Thaobh na Coille ó 1995 i leith. Bhí na daltaí chomh béasach, dea-mhúinte, comh-oibreach, cabhrach ar an lá agus iad ag iarraidh an chuid is fearr dóibh féin a léiriú don saol mór. Bhí mise mar phríomhoide an-bhródúil go deo as na daltaí agus as múinteoirí na scoile a d'oibrigh go crua le taispeántas den scoth a chur os ár gcomhair ar an lá.

Níl bealach ar bith go bhféadfaimís ócáid dá leithéid a eagrú gan an obair agus an tacaíocht ar fad a fuaireamar uaibhse na tuismitheoirí, ó Choiste na dTuismitheoirí & ó Bhord Bainistíochta na scoile. Buíochas speisialta le Alan Binley a thug aire do chúrsaí fuaime & teicneolaíochta ar an lá. Buíochas le Mary Mhic Dhomnaill & a foireann a d'eagraigh cúrsaí beatha & fáilte. Buíochas le Colm Mac Giolla Phádraig as na bratacha ar fad a chrochadh agus a bhaint i ndiaidh na hócáide agus dar ndóigh buíochas le Conor Mac Daid a rinne fear a'tí dúinn ar an lá.

What a wonderful day we had on the 5th of March when Hector Ó hEochagáin officially opened our new school building. It was wonderful to see all our special guests, politicians, friends of the Gaelscoil, past pupils and parents of the school past and present gathered together to celebrate our big day. It was a historic day for everyone who has been involved with Gaelscoil Thaobh na Coille since 1995. Our pupils were so well behaved, polite, co-operative and helpful on the day as they showed their best to all. I was extremely proud of them and of the teachers for all the hard work they put into ensuring that they put on a great performance on the day.

There is no way we could have organised an event of such magnitude without the help and support of you our parents, of Coiste na dTuismitheoirí and the school's Board of Management. I'm sure you will forgive me for singling out a couple of people whose help we could not have done without. Buíochas le Alan Binley for looking after all our sound and technology requirements. Buíochas le Mary Mhic Dhomhnaill & her team of workers for looking after hospitality and Colm Mac Giolla Phádraig for hanging all the bunting and removing it again after the event. Of course let us not forget our own MC of the day Conor Mac Daid who would give the best of them a run for their money!

FEIS ÁTHA CLIATH 2010

Ghlac grúpa ceoil traidisiúnta na scoile páirt i bhFeis Atha Cliath don chéad uair ariamh i mbliana. Bhí an comórtas ar siúl ar an Domhnach an 14ú Márta sa bhFoirgneamh 'Clasac'.
22 páiste ar fad a bhí sa ghrúpa ceoil seo faoi stiúir an Múinteoir Chambers agus an Múinteoir Mac Uileagóid. Ar an lá bhí 18 dalta saor don chomórtas. Bhí dhá chraobh de chomhaltas sa chomórtas freisin, CCÉ Beaumont, agus CCÉ Phiarais Ui Ghréagáin. Sheinn daltaí na scoile ar a ndícheall, agus bhí an bua acu...an chéad áit!

The school's traditional music band competed for the first time ever in Feis Átha Cliath. The competition took place on Sunday the 14th March in the 'Clasac' building.
The band had 22 members this year under the able direction of Múinteoir Chambers and an Múinteoir Mac Uileagóid. On the day we had 18 in the band. There were two Comhaltas groups in the competition as well, CCÉ Beaumont, and CCÉ Phiarais Ui Ghréagáin.
Our band played their hearts out, and came away with first place!

TRÁTH na gCEIST

Ná déan dearmad: Tráth na gCeist Tuismitheoirí & Daltaí Ranganna a 3 go 6 ar an gCéadaoin seo an 24 Márta ag a 7.30pm i gClub Theach CLG Naomh Olaf. Bígí ann.

Don't forget: Table quiz for tuismitheoirí & daltaí ranganna 3 to 6 this Wednesday the 24th March at 7.30pm in St Olafs GAA Club House. Bígí ann.